Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 1

# Mionlach

€3/£2

Uimhir 10
Lúnasa 2018

— IRIS DE CHUID MISNEACH —




# Bua do na Mnáibh

MISNEACH
ár dteanga, ár dtodhchaí

» Bua ag Lucht na hAisghairme
» Éigeandáil na Gaeltachta
» Oideachas tríú léibheál faoi ionsaí

*Agus go leor eile …*

# MISNEACH

Grúpa radacach na nGael

eolas@misneachabu.ie

## Seacht Mór-Sprioc

1. Lánfhostaíocht, a thugann aitheantas do chearta teanga,sa Ghaeltacht agus sa tír i gcoitinne.
2. Oideachas trí Ghaeilge d'ardchaighdeán ar fáil ag gach leibhéal dóibh siúd atá á iarraidh.
3. Cearta iomlán teanga ar fáil do na Gaeil in Éirinn.
4. Gach seirbhís ar fáil trí Ghaeilge sa Ghaeltacht.
5. Féinchumhachtú na nGael.
6. Saol sóisialta bríomhar ar fáil trí Ghaeilge.
7. Díchoilíniú iomlán!

GLAC BALLRAÍOCHT LINN INNIU!



Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 3

I measc ábhar an eagráin seo:


4 **An tOchtú Leasú imithe**
*Lisa Nic an Bhreithimh*

5 **Cearta Oibrithe agus Athghabháil na Gaeilge**
*Ben Ó Ceallaigh*

6 **Éigeandáil na Gaeltachta**
*Danny Brown*

8 **Beirt Bhan Misniúil**
*Brighid Mac Seáin*

9 **Ní neart go cur le chéile...?**
*Katie McGreal*

9 **Ag Éisteacht le Fir ag Argóint**
*Maoilíosa NicÉadaoin*

10 **Athghabháil an Talaimh – saol ar an neamh-acra**
*Seanán Mac Aoidh*

12 **An tOideachas Tríú Leibhéil faoi Ionsaí: cén leigheas?**
*Kerron Ó Luain*

14 **Ón Spéir Anuas**
*Gearrscéal le Danny Brown*



*Príomh-Eagarthóir:* **Katie McGreal**
*Coiste Eagarthóireachta:*
**Séamus Barra Ó Súilleabháin,**
**Seanán Mac Aoidh**
Teagmháil: **mionlach.iris@gmail.com**
Suíomh idirlín: **mionlach.wordpress.com**

Dearadh: buíochas le Caomhán Ó Scolaí


# Eagarfhocal

Tá lúcháir orainn go dtig linn, faoi dheireadh, eagrán an tsamhraidh a chur faoi bhur mbráid. Mar is gnáth, gheobhaidh sibh lón smaointeoireachta idir na clúdaigh a chothófas, tá súil againn, spiorad na réabhlóide agus an éirí amach ionaibh.

Rinneadh éacht ar an 25ú Bealtaine nuair a chaith os cionn 60% de dhaonra an deiscirt vóta ar son an tOchtú Leasú a aisghairm. Tá ríméad orainn gur baineadh an tOchtú Leasú as an bhunreacht. Céim mhór chun cinn do chearta na mban a bhí sa ghníomh chéanna ach tá tuilleadh le baint amach. Faoi láthair, tá mná an deiscirt ag fanacht le dlíthe nua a thabharfaidh cead dóibh ginmhilleadh a fháil ina dtír féin. Freisin, tá mná na Sé gCondae go fóill faoi chois ag an tseanbhunaíocht a shéanann orthu an ceart rogha a dhéanamh faoina bhfuil i ndán dá gcorp féin. Bhí, ar ndóigh, Gaeil i lár an aonaigh le linn an fheachtais ar éirigh leis an bunreacht a athrú. Is féidir tuairim agus taithí Lisa Nic an Bhreithimh ón ngrúpa Gaeil ar Son Rogha a léamh san eagrán seo agus tá ball gníomhach eile le feiceáil ar chlúdach na hirise, Jill McMahon.

Leanann muid leis an phlé ar chás na mban le halt ón phríomheagarthóir Katie McGreal agus í ag impí ar fhir a bhíonn amuigh ar na sráideanna ag béiceadh “Cearta Teanga, Cearta Daonna,” agus a leithéid, tacaíocht a thabhairt do na mná agus iad ag streachtailt ar son chothrom na féinne. Is iomaí grúpa Gaeilge a deir go dtugann siad tacaíocht do na mionlaigh eile ach an bhfuil siad ag déanamh beart de réir briathar?

Tá éigeandáil phobail agus theanga na Gaeltachta faoi chaibidil san eagrán seo. Ní mór dúinn mar Ghaeil eolas agus tuiscint chruinn a bheith againn ar na dúshláin agus na bacanna atá romhainn má tá muid lena sárú. Chomh maith leis sin, tugann Bríghid Mhic Seáin léargas dúinn ar bheirt bhan a d'fhág cor i gcinninúint an chine dhaonna.

Féachann muid i gcónaí leis na healaíona a chothú ar an iris seo agus tá áthas orainn a rá go bhfuil scoth gearrscéil againn le Danny Brown an iarraidh seo.

Is fiú a rá go mbíonn fáilte i gcónaí roimh ailt, scéalta, fhilíocht, íomhánna agus a leithéid ón mhórphobal. Is féidir libh teacht i dteagmháil linn tríd an leathanach Facebook atá againn nó tríd an ríomhphost ag mionlach.iris@gmail.com.

Beirimis Bua,
Katie, Seanán agus Séamus

Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 4

# An tOchtú Leasú imithe

***LISA NIC AN BHREITHIMH***
***Oifigeach Cumarsáide Ghaeil ar son Rogha***

Ar feadh míonna, throid grúpaí, mar chuid den fheachtas Le chéile ar son Tá; Gaeil ar son Rogha ina measc, le go ndéanfaí an 8ú leasú a aisghairm agus de réir na dréachtreachtaíochta a leagadh amach roimh lá na vótála, le go mbeadh ginmhilleadh ar fáil suas go 12 sheachtain agus níos déanaí sa toircheas dóibh siúd a bheadh go dona tinn nó a mbeadh mínormáltacht mharfach féatais ar a linbh. Throideamar agus d'éirigh linn. Vótáil 66.4% de mhuintir na hÉireann Tá sa Reifreann ar an 25 Bealtaine 2018. Fógraíodh na torthaí ar Shatharn grianmhar i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus tugadh ardú meanman agus croí dúinn. Vótálamar le chéile mar phobal, ar son Tá. Anois beidh cearta agus féinriar colainne againn ar chomhchéim le fir na hÉireann, rud nach raibh againn riamh. Athrófar an tsochaí ó bhun go barr.

**An chéad chéim eile**

Ar dtús déanfaidh airí an rialtais bille a mheas ar an 10 Iúil chun cinneadh na ndaoine a chur i bhfeidhm. Ansin cuirfidh siad an reachtaíocht i bhfeidhm agus déanfaidh siad cinntí maidir le conas mar a bheidh an ginmhilleadh ar fáil sa tír – bíodh sé sin i gclinicí pleanála clainne, ón dochtúir teaghlaigh nó eile.

Bhí caint ann an tseachtain i ndiaidh fhógairt thoradh an Reifrinn gurbh fhéidir gur tuairim is €300 an costas a bheidh ar ghinmhilleadh a fháil in Éirinn – don phiolla féin, don chomhairliúchán agus do chostais eile. Chruthódh córas mar seo deacrachtaí do go leor ban.

Chiallódh sé nach mbeadh an ginmhilleadh "saor, sábháilte agus dlíthúil" mar a bhí ag teastáil ó go leor de na grúpaí a bhí ar son aisghairme.

Chiallódh sé go mbeidh ginmhilleadh ar fáil dóibh siúd a bhfuil an t-airgead sin acu. Tá baol ann go gciallódh sé go leanfadh mná leo ag ceannach piollaí míshábháilte, mídhleathacha ón idirlíon toisc go bhfuil siad níos saoire.

Beidh ceist an chostais fíorthábhachtach sna cinntí a dhéanfar sna míonna amach romhainn.

Tháinig an Irish Family Planning Association (IFPA) agus an Well Woman Centre amach le rá go bhfuil siad féin ar fáil chun piollaí ginmhillte a chur ar fáil nuair a chuirtear an dlí nua i bhfeidhm. Measann IFPA gur cheart go mbeadh an ginmhilleadh ar fáil saor in aisce d'aon bhean. Is cosúil gur i dtreo dochtúirí teaghlaigh a bheidh an rialtas ag breathnú.

Is léir go bhfuil go leor fós le réiteach agus le deimhniú. Fanfaidh an rialtas sa Dáil beagán níos déanaí sa samhradh anois le cinntiú go gcuirfear an reachtaíocht seo tríd agus beidh ga seá ionainn ag fanacht go dtí sin.

**Ré nua don tír**

Chomh maith le ginmhilleadh a bheith ar fáil, tiocfaidh go leor eile mar thoradh ar an Reifreann seo. Dhá thrian den tír a chaith vóta Tá tar éis míonna de chaint ar "Middle Ireland". Bhí faitíos orainn gur mhórlach é seo in Éirinn, pobal coimeádach go tréan ar an eite dheis. Bhí faitíos orainn gur ionadaithe iad leithéidí Cora Sherlock agus John McGuirk don mhórlach seo. Gur phobal mór in aghaidh na rogha a bhí againn, ach bhí muid cearr. Dúirt 76% de na daoine a rinne pobalbhreith RTÉ díreach tar éis na vótála nach raibh a meonta athraithe acu le 5 bliana anuas. Bhí mórlach mór ar son rogha. Ní fhaca muid i gceart iad ach bhí siad ann- breis is 66% acu. Is léir anois gur mionlach iad leantóirí Sherlock agus McGuirk agus nach gá dúinn freastal orthu ah oiread agus a cheapamar.

Tá aithne níos fearr againn orainn féin anois agus tá a fhios againn go bhfuil muid réidh le hathruithe do shochaí ina bhfuil an Eaglais Chaitliceach agus an coimeádachas rólárnach le rófhada. Tá mé ag ceapadh go gcuideoidh toradh an Reifrinn seo go mór leis An Eaglais Chaitliceach agus an stát a scaradh.

Feicfimid go leor athruithe ag eascairt as an vóta láidir Tá – moladh an Aire Richard Bruton nár ghá páiste a bhaisteadh le go bhféadfadh sé freastal ar scoil Chaitliceach, an bealach a gcaitear le mná na tíre i gcásanna cosúil le scannal Cervical Check agus araile agus araile. Tá sé in am d'athruithe in Éirinn anois. Tá muid réidh agus léirigh muid sin, mar thír cúpla uair anois – 62% a chaith vóta Tá i Reifreann 2015 ar son pósadh comhghnéis agus 66.4% a rinne amhlaidh i Reifreann 2018. Osclófar doirse an chiúnais, an náire agus cur i gcéill na hÉireann agus scaoilfear Éire nua isteach. Céad míle fáilte le brí nua.

*Faoin údar:* Is scríbhneoir í Lisa Nic an Bhreithimh as Baile Átha Cliath. D'oibrigh sí mar Oifigeach Cumarsáide le Gaeil ar son Rogha, grúpa a rinne feachtasaíocht trí Ghaeilge ar son vóta Tá i Reifreann 2018 ar an 8ú leasú. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin ngrúpa ag @GaeilarsonRogha ar Facebook nó ar Twitter.




Baill choiste Ghaeil ar son Rogha i gCaisleán Bhaile Átha Cliath tar éis fhógairt thoradh an Reifrinn ar an 26 Bealtaine 2016 (C-D) Lisa Nic an Bhreithimh, Oisín Mistéil, Jill McMahon.

Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 5




# Cearta Oibrithe agus Athghabháil na Gaeilge

*BEN Ó CEALLAIGH*

Ceann de na príomhdhifríochtaí atá idir Misneach agus grúpaí eile a oibríonn chun an Ghaeilge a chur chun cinn ná go gcreideann Misneach go bhfuil dlúthcheangal idir cás na Gaeilge agus fórsaí sóisialta níos leithne. Feiceann muid nasc bunúsach idir cearta teanga agus an troid ar son na timpeallachta, iarrachtaí chun geilleagar a chruthú a chuireann leas na cosmhuintire i dtús áite ar shaint lucht an rachmais, agus feachtasaíocht ar son cearta grúpaí eile atá faoi chois in Éirinn an lae inniu. Ní hamháin go bhfuil sé ceart is cóir tacú leis na hiarrachtaí éagsúla seo, ach, más é athghabháil na Gaeilge atá uainn, tá dlúthpháirtíocht idir na Gaeil agus feachtasóirí forásacha eile go hiomlán riachtanach.

Ag tosnú sna 1970idí, tháinig idé-eolaíocht chaipitleach ar a dtugtar "nualiobrálachas" chun cinn. De réir an dearcaidh seo, níor chóir baint a bheith ag an stát le polasaithe sóisialta ach amháin chun rudaí a éascú do lucht an rachmais. Má tá na caipitligh chomh saibhir agus is féidir, maítear go silfidh an saibhreas anuas ón mbarr agus go mbeidh muid uilig níos fearr as dá bharr. Mar aon le stáit ar fud an domhain a bheith ag tarraingt siar ó sholáthar seirbhísí éagsúla poiblí (sláinte, oideachas, srl.), mar gheall ar an dearcadh seo frítheadh réidh le go leor de na cearta a bhíodh ag oibrithe, agus cuireadh na ceardchumainn a bhíodh á gcosaint faoi chois – féach Thatcher agus na mianadóirí, mar shampla.

San earnáil phoiblí, tugadh "Nuabhainistíocht phoiblí" (new public management) ar na hathruithe nualiobrálacha a tháinig isteach. Dúradh go raibh rudaí rómhaith ag oibrithe stát-fhostaithe agus nach raibh siad sách táirgiúil dá bharr. Leis seo a athrú, maíodh gurbh fhearr úsáid a bhaint as na modhanna bainistíochta atá ag corparáidí príobháideacha chun státseirbhísigh a spreagadh le bheith níos éifeachtaí. Tugadh spriocanna níos dúshlánaí d'oibrithe, agus níos lú ama agus acmhainní lena mbaint amach, chomh maith le níos lú laethanta saoire, níos lú cosanta agus córais nua mhonatóireachta chun súil a choinneáil orthu i gcónaí.

An oiread leis an nualiobrálachas go ginearálta, ghlac stát na hÉireann leis an gcur chuige bainistíochta seo go fonnmhar. Fiú roimh an ngéarchéim eacnamaíochta, dúirt an OECD, eagraíocht a dhéanann monatóireacht ar chúrsaí eacnamaíochta, "Ireland has significantly advanced along a "New Public Management" continuum." Agus chuaigh an treocht seo i dtreise go mór ó 2008 i leith. Beidh cuimhne ag léitheoirí ar "chomhaontaithe" Pháirc an Chrócaigh, Bhóthar Haddington, srl. a tháinig isteach mar chuid de pholasaithe na déine agus a spreag athruithe millteacha san earnáil phoiblí. Chaill na scórtha míle a bpoist agus gearradh pá na n-oibrithe a bhí fágtha, a fuair uaireanta oibre níos faide agus tuilleadh leasuithe bunaithe ar an nuabhainistíocht phoiblí. Go deimhin, mar a dúirt an scoláire Muiris MacCarthaigh le gairid "the 2011–16 period became one of unprecedented change for the Irish public service".




Fágann na hathruithe seo go mbíonn oibrithe atá fostaithe ag an stát go minic faoi bhrú mór ag seacht gcúram déag éagsúla, agus a bpoist i mbaol má chliseann orthu na rudaí is práinní a bhaint amach. Diabhal iontais é nach bhfuil ar a gcumas smaointiú ar scéimeanna teanga mar sin. Ag deireadh an lae, más státseirbhíseach thú leis an iomarca oibre le déanamh agus gan agat ach droch-íocaíocht dá bharr, is dóchúla ná a mhalairt go mbeidh scéim teanga do roinne sách íseal ar do liosta tosaíochtaí i gcónaí.

Ní haon chomhtharlú é, dar liom, gur idir 2011-13, ag barrphointe na géarchéime eacnamaíochta, a bhí an líon ab airde de scéimeanna teanga as feidhm. Léiriú eile ar thionchar na n-athruithe seo é an chaoi a bhfuil na scéimeanna atá á gceadú anois i bhfad níos laige ná na cinn a bhí ann roimh 2008, de réir an Choimisinéara Teanga.

Cé gur eagraíodh stailceanna agus agóidí móra callánacha le troid in aghaidh na leasuithe seo nuair a tháinig siad isteach ar dtús, is beag suim a bhí ag gluaiseacht na Gaeilge i ndlúthpháirtíocht le streachailt na n-oibrithe, streachailt atá fós ag dul ar aghaidh. Cé go bhfuil an tír ar mhuin na muice arís, más fíor, tá ráite ag Varadkar go minic le bliain anuas go bhfuil sé ag iarraidh tuilleadh spriocanna táirgiúlachta a thabhairt isteach san earnáil phoiblí, agus gur mian leis stailceanna a dhéanamh mídhleathach in earnálacha éagsúla, fiú.

Ar ndú, níor chóir caitheamh le daoine amhlaidh agus nach bhfuil iontu ach róbait atá ann chun costais a ísliú. Ach nuair a chaitear, bíonn clocha níos mó ar a bpaidrín ná slánú na Gaeilge, agus mar sin ní hiontas ar bith é nach bhfuil aird ag formhór na cosmhuintire ar bhás na Gaeltachta agus ar imeallú na teanga, cibé chomh tábhachtach is atá na rudaí sin don mhionlach atá gníomhach i saol na Gaeilge. Má tá muid ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn, caithfidh muid a bheith sásta tacú leis na ceardchumainn agus leis na hoibrithe atá ag iarraidh troid in aghaidh ionsaithe ar choinníollacha maireachtála.

Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 6




# Éigeandáil na Gaeltachta

*DANNY BROWN*

**Tá sé de nós againn díriú ar na foirgnimh atá ina luí folamh in Eastát Tionsclaíochta Ghaoth Dobhair ar an Screabán agus tabhairt amach faoin easpa fostaíochta sa cheantar. Tá a fhios agam mar déanaim féin é i dtólamh ach b'fhéidir gur chóir dúinn amharc ar feadh tamaill ar na foirgnimh atá in úsáid. Agus, in ainneoin achan rud a deirimse agus a deir daoine eile cosúil liom, níl achan mhonarcha folamh agus d'éirigh leis an Údarás comhlachtaí a mhealladh isteach san Eastát Tionsclaíochta.**

Tá gnónna ansin atá ag fostú daoine agus bheadh an ceantar i bhfad níos boichte muna raibh siad ann. Níl go leor acu ann, áfach, agus sin an dúshlán mór atá romhainn mar phobal. Mar a dúradh go minic roimhe seo, beidh deireadh leis an Ghaeltacht sa taobh seo tíre muna n-éiríonn linn deiseanna a chur ar fáil don ghlúin atá ag teacht fríd an chóras oideachais anois. Mar sin de, caithfear na monarchana atá folamh a líonadh agus na comhlachtaí atá ar an eastát a choinneáil ann.

Ach tá níos mó ná comhlachtaí príobháideacha ann.

Sa léab bheag talaimh i gceann de na ceantracha is iargúlta agus is lú infrastruchtúir sa tír, tá oifigí ag Údarás na Gaeltachta agus ag Roinn na Gaeltachta trasna an bhóthair ó fhoirgneamh Solas, an eagraíocht náisiúnta traenála agus printíseachta.

Thuas an bóthar, tá oifigí ag Forbairt Áitiúil Dhún na nGall (DLDC i mBéarla), eagraíocht a dhíríonn ar fhorbairt pobail, go háirithe pobail thuaithe.

Ag ceann an bhealaigh, tá campas ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge faoi stiúir Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Smaoinigh ar feadh bomaite ar na hacmhainní agus ar na scileanna atá sna foirgnimh sin. Shílfeá go mbeadh bealach ann leis na heagraíochtaí sin uilig teacht le chéile agus pacáiste cuimsitheach a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta.

Cuireann sé seo i gcuimhne dom go bhfuil córas acu sna Stáit Aontaithe nuair a tharlaíonn tubaiste nádúrtha. Fógraíonn Gobharnóir an Stáit, nó an tUachtarán, go bhfuil staid éigeandála ann. An uair amháin atá sin fógartha, tig coiste le chéile agus gan acu ach an aidhm amháin — teacht ar réiteach ar cá bith tubaiste a tharla agus ligint don phobal gabháil ar aghaidh lena saol. Le sin a bhaint amach, is féidir leo seirbhísí achan áiseantacht stáit a úsáid agus tá dualgas dlí orthu comhoibriú.

Tá míbhuntáistí leis an chóras, ar ndóigh, mar tugann sé i bhfad barraíocht cumhachta do na póilíní agus don arm ach, ós rud é nach bhfuil baint acu sin leis an chás seo, is féidir linn neamhaird a dhéanamh air sin agus foghlaim ó na buntáistí atá leis an chóras.

Cé nár tharla tubaiste nádúrtha sa Ghaeltacht, tharla tubaiste agus níl amhras ar bith ar dhuine ar bith go bhfuil géarchéim eacnamaíochta chultúrtha ann.

Caidé a tharlódh dá bhfógródh an rialtas go raibh staid oifigiúil éigeandála in achan cheantar Gaeltachta agus go raibh rún acu aghaidh a thabhairt ar an fhadhb i ndairíre?

Cheapfadh siad foireann bheag daoine cumasacha le déanamh cinnte go raibh teacht ag pobal na Gaeltachta ar sheirbhísí an stáit. Chaithfeadh siad cruinnithe poiblí agus fóraim a eagrú ina dtiocfadh leo fáil amach caidé na riachtanaisí a bhí ag an phobal agus gabháil i mbun na fadhbanna ollmhóra fostaíochta a réiteach.

Bheadh siad ábalta ceardlanna a reáchtáil sa phobal ar an dóigh le comharchumainn, nó gnónna beaga áitiúla a bhunú agus a bhuanú, mar shampla. Thiocfadh leo taighde a dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil go háitiúil don phobal agus ar an dóigh is éifeachtaí leis na hacmhainní sin a úsáid.

Bheadh siad ábalta athruithe polasaí a mholadh don Údarás agus don Roinn. Mar shampla, níl ciall le réasún nach féidir leis an Údarás cuidiú a thabhairt do dhaoine atá ag iarraidh lóistín a chur ar fáil do thurasóirí nuair atá an rialtas i ndiaidh an t-uafás airgid a chaitheamh ar mhargaíocht a dhéanamh ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin agus cúig ostán druidte sa cheantar le 10 mbliana anuas.

Bheadh traenáil ar fáil do dhaoine. Ní traenáil ar mhaithe le teastas a fháil ar féidir a úsáid áit inteacht eile a bhfuil post ar fáil ann, ach traenáil do phost atá á chruthú sa cheantar seo.

Bheadh taighde ar fáil ar na dóigheanna is fearr le margaíocht a dhéanamh ar thairgí as an cheantar.

Fá dheireadh, bheadh seans ann go mbeadh branda éifeachtach Gaeltachta ann faoina dtiocfadh leis na gnónna áitiúla nua seo a gcuid earraí a chur ar an mhatgadh. Ní thuigim go fóill cad chuige nár tharla sé roimhe seo. Shílfeá gur rud bunúsach a bheadh ann do cheantar ar imeall na hEorpa go dtiocfadh leo margaíocht a dhéanamh, ní amháin ar thairgí an cheantair, ach ar an cheantar féin

Agus b'fhéidir go mbeadh dóchas ag an phobal.

Ní tharlóidh sin, ar ndóigh, mar is cosúil nach bhfuil an toil pholaitiúil ann aitheantas ceart a thabhairt don ghéarchéim sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha atá againn anseo. Caidé an seans go mbeadh rialtas, a ghlacann le fealsúnacht nua-liobrálach an chaipitileachais, sásta tacaíocht a thabhairt do phobal atá faoi léigear nuair atá sé mar bhunphrionsabal ag an nua-liobrálachas go gcaithfidh daoine seasamh ar a mbonnaí féin agus nach bhfuil ról le himirt ag an rialtas ar eagla go gcuirfeadh sé isteach ar "an mhargadh"?

Bíonn polaiteoirí maith ag tabhairt gealltanaisí. Beart de réir briathair? Sin rud eile ar fad.



Ar an trá fholamh? Bád Eddie ar an trá os comhair Óstán Ghaoth Dobhair, ceann de chúig óstán a druideadh sa cheantar le 10 mbliana anuas.

Rugadh agus tógadh Danny Brown in iarthar Bhéal Feirste. Tá cónaí anois air i nGaeltacht Dhún na nGall. I measc rudaí eile, bhí sé ina scríbhneoir, ina iriseoir, ina fhoilsitheoir agus ina léiritheoir.

Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 7

# Ní neart go cur le chéile...?

*KATIE McGREAL*

Is bean mé ar dtús agus ansin is Gael mé ach is feachtasóir don dá dhream mé; dhá dhream atá faoi chois.

Le míonna beaga anuas, tá an-chuid cainte ann faoi chearta na mban, idir mhná ag teacht amach le scéalta faoi ionsaithe gnéis a tharla le blianta fada, an reifreann ar an Ochtú Leasú ó dheas, agus an feachtas I Believe Her nó Creidim Í. Tuigeann gach bean sa tír seo na constaicí atá ina coinne má théann sí os comhair na cúirte, nó fiú chuig na póilíní le scéal éignithe nó ionsaithe gnéis.

"Céard a bhí á chaitheamh aici?"

"An raibh sí ag ól?"

"An bhfuil tú cinnte nach ndúirt sí leis go raibh sí ag iarraidh é a dhéanamh?"

Gnáthfhrásaí a chloistear ó na húdaráis agus ón ngnáthphobal nuair a bhíonn na cásanna seo ar siúl..

I ndiaidh cáis cúirte cáiliúil, bhí agóidí ar siúl ar fud na tíre i gcoinne an bhealach go gcaithtear le mná atá os comhair na cúirte de bharr ionsaithe gnéis. Chuir mná Gaelacha eolas faoi na hagóidí sin i ngrúpaí Gaelacha WhatsApp ina bhfuil muid mar bhall iontu. Bhí tost ann.

Ar feadh tamaill.

I ndiaidh sin, d'fhreagair roinnt ban. Chuir muid brú ar na fir rud éigin a rá agus tháinig duine nó beirt ar ais ag rá nach raibh siad ar fáil don agóid agus dúirt beirt eile go mbeidís ann.

D'fhan an chuid eile ina dtost.

Ba léir gur chuma leo.

Ag na hagóidí i mBéal Feirste, bhí roinnt ban Gaelach ann agus chonaic mé féin beirt fhear Gaelach, duine ag gach agóid.

Ba léir gur chuma leis an gcuid eile.

Is daoine iad na Gaeil seo a deir go bhfuil siad go mór ar son cearta daonna toisc gurb ionann cearta teanga agus cearta daonna ach is léir go bhfuil siad go mór ar son cearta teanga do na Gaeil agus sin é. Is cuma leo faoin gcuid eile dínn. Is cuma leo faoi na mná, fiú más mná Gaelacha muid.

'Cearta teanga, cearta daonna'

Mana a chloistear go minic ar mhorshiúlta agus ag agóidí na nGael agus iad ar lorg cearta teanga.

Ní hé gur rud nua é seo, bhí Cumann na mBan páirteach go dlúth san Éirí Amach i 1916 ach is ar éigean gur féidir le daoine triúr ban a bhí ann a ainmniú. Tá mná na tíre seo cleachta go maith le bheith curtha ar leathtaobh ach tá sé in am anois do na fir seasadh linne agus an tacaíocht atá tuillte againn a thabhairt dúinn.

Agus tá neart bealaí ann inar féidir leo é sin a dhéanamh. D'fhéadfaidís deis labhartha a thabhairt dúinn ag cruinnithe, d'fhéadfaidís freastal ar agóidí ar son chearta na mban. D'fhéadfaidís níos mó dualgas a thabhairt do mhná in eagrú imeachtaí agus deis a thabhairt dóibh a bheith ina hurlabhraithe.

Tá grúpaí eile atá ar son chearta na mban díreach mar an gcéanna. Bhí mé ag imeacht an tseachtain seo caite agus dúirt bean go raibh an eagraíocht seo ar son cearta mionlaigh. Nuair a chuir mé ceist uirthi faoin nGaeilge, ba léir nár smaoinigh sí uirthi roimhe.

"Cinnte ba cheart go mbeadh cead ag gach duine a rogha teanga a labhairt. I mo thuairim phearsanta, creidim gur cheart go mbeadh acht (Gaeilge) ann," a dúirt sí liom.

Ní raibh mé ag iarraidh a tuairime pearsanta. Bhí mé ag iarraidh thuairim na heagraíochta. Ní raibh a fhios aici cérbh í tuairim na heagraíochta.


Ba é sin an dara cruinniú ar son rogha agus ar son na mban ar fhreastail mé air agus ba léir nár smaoinigh siad ar an teanga. Níor smaoinigh siad ar mhionlaigh eile. Ní raibh fógraí acu i nGaeilge agus nuair a dúirt mé go bhféadfainn ceardlanna feimineachais a dhéanamh i nGaeilge ní raibh siad pioc sásta liom.

Ní neart go cur le chéile a deir an seanfhocal ach is léir nár chuala na feiminigh gan Ghaeilge trácht air agus tá sé soiléir gur cuma leis na Gaeil a bhfuil an seanfhocal ar eolas acu. Is dóigh go gcreideann siad nach mbaineann sé leo.

Is feimineach í Katie atá ag lorg cothromaíocht d'fhir agus do mhná, rud nach bhfuil in ndán dúinn i ndomhan caipitleach. Is maith léi siúlóidí fada, dianmhachnamh agus daoine ionraice.



# Athghabháil an Talaimh — saol ar an neamh-acra



*SEANÁN MAC AOIDH*

**Caitear le talamh mar a bheadh acmhainn phríobháideach ann, ar ionann í agus ní i seilbh duine. Is fada anois cathracha agus bailte móra na tíre á bplódú le daoine agus tá seo ag dul i dtreis le blianta beaga. Tá níos mó agus níos mó daoine scaite ón talamh agus ón obair a bhaineann leis agus cuid mhór againn inár gcónaí i saol samhalta na scáileán. Tá praghasanna na dtithe ag ardú na malacha arís i ndiaidh a dtitim nuair a bhuail an ghéarchéim eacnamaíochta sinn. Tá rátaí cíosa sna cathracha móra scannalach ach gan iomrá ar bith ar réiteach. Mar is gnáth, is é an gnáthdhuine atá fágtha ar an trá fholamh, ag streachailt le scraith a chur os a chionn.**

De réir na fianaise is deireanaí, tá daoine daonna ar an tsaol le tuairim agus 300,000 bliain. Mar sin féin, níl muid (nó cuid againn) inár gcónaí i mbailte móra ná i gcathracha agus níl muid ag gabháil don talmhaíocht ach le níos lú ná 10,000 bliain. Glactar leis go coitianta, nach raibh ciall ag an chine dhaonna d'úinéireacht talaimh ar feadh mhórchuid an ama sin. Ar ndóigh, de réir mar a bhogann tuilleadh daoine isteach sna cathracha, fágfar níos mó talaimh fán tuaith díomhaoin ar fud na hEorpa. Tá deis ar dóigh againn an talamh seo a atheagrú. Tá scrios millteanach déanta ar an talamh de thairbhe drochmhodhanna talmhaíochta agus ba chóir ath-fhiánú a dhéanamh ar mhórán de. Chomh maith leis sin thiocfadh tuilleadh glasraí a fhás agus tithíocht inbhuanaithe a chur ar fáil do dhaoine a bhfuil feidhm acu lena leithéid.

Bunluach de chuid na heite clé atá i gceistiú an húinéireachta príobháidí, go háirid i dtaca leis an talamh de agus le carnadh maoine ar aimhleas an phobail. Is iomaí dóigh a dtugann an eite chlé faoin cheistiúchán seo agus ar na dóigheanna sin tá gluaiseacht idirnáisiúnta na suiteoireachta. Tá an ghluaiseacht seo bunaithe ar an fhealsúnacht gur tábhachtaí cuid riachtanas an phobail agus an dúlra féin ná an úinéireacht phríobháideach, más dleathach féin í. Is beag an rud nach cuidiú mar a dúirt an dreolán nuair a rinne sé a mhún san fharraige, agus mar sin amharcfar anseo ar shamplaí forásacha san am i láthair de ghluaiseacht athghabhála an talaimh.

Tá neart samplaí idirnáisiúnta de ghluaiseacht na suiteoireachta fán tuaith le fáil. Is fada feirmeoirí gan talamh ag agóidíocht i dtíortha ar fud an domhain agus iad ag iarraidh cothrom na féinne a bhaint amach daofa féin. Ar ndóigh, maireann Conradh na Talún beo i gcuimhne na ndaoine anseo in Éirinn. Tá Movimento dos Trabalhadores Rurais Sem Terra nó Gluaiseacht na nOibrithe Tuaithe gan Talamh sa Bhraisíl ar cheann de na gluaiseachtaí sóisialta is mó i Meiriceá Theas. Is minic a dhéanann siad forghabháil ar thailte talmhaíochta atá díomhaoin agus déanann siad atheagar orthu sin le obair fhiúntach agus gléas beo a thabhairt d'fheirmeoirí gan talamh.

San Ibéir agus i stát na Spáinne go háirid tá borradh millteanach faoi ghluaiseacht na suiteoireachta fán tuaith. Tosaíodh ar athghabháil an talaimh le linn réabhlóid na Spáinne idir 1936 agus 1939 ach ar ndóigh cuireadh deireadh anabaí leis sin nuair a cailleadh milliún duine agus iad ag streachailt leis an réabhlóid a chosaint ar an fhaisisteachas. Sa lá atá inniu ann is iomaí sráidbhaile faoin tuaith san Ibéir atá folamh mar gheall ar imirce go dtí na cathracha agus an ráta ard dífhostaíochta. Sna 70idí thosaigh scaiftí daoine ag glacadh seilbhe ar thithe aonaracha agus ar shráidbhailte iomlána lena n-iomaire féin a threabhadh. Sa lá inniu tá na céadta suiteoireachtaí, beag agus mór, le fáil ar fud stát na Spáinne.

Sampla tábhachtach eile atá i la ZAD (zone à défendre) in aice le cathair Nantes, sa Bhriotáin i stát na Fraince, áit a bhfuil forghabháil á déanamh ar thailte de 4000 acra ó bhí an bhliain 2009 ann. Tosaíodh ar an fhorghabháil nuair a chuir bunadh na háite cuireadh ar dhaoine as baile amach bogadh isteach agus seilbh a ghlacadh ar an talamh sa dóigh is nach dtiocfadh le rialtas na Fraince aerphort ollmhór a thógáil ann. Tá muintir la ZAD a bheag nó a mhór neamhspleách ó shin ar stát na Fraince. Tá tithe agus foirgnimh eile tógtha acu ar an talamh, tá cineálacha difriúla talmhaíochta ar siúl acu, tá bácús, stáisiún raidió, stiúideo taifeadta agus seirbhísí agus gníomhaíochtaí éagsúla ag gabháil taobh istigh den zón acu. Ach ó bhí deireadh mhí Eanáir 2018 ann tá rialtas na Fraince ar a ndícheall ag iarraidh díshealbhú a dhéanamh ar la ZAD leis an láimh láidir.

Tá sé de bhua ag na suiteoireachtaí tuaithe seo go dtaispeánann siad bealaí úra chun cinn dúinn agus muid ag dul in adharca le géarchéim shóisialta agus thimpeallachta



araon. Gheibh cuid mhór de na suiteoireachtaí seo mórán dá bhfuil de dhíth orthu ón cheantar atá thart orthu agus baineann siad méid áirid neamhspleáchais amach ar na príomhbhealaí eacnamaíochta. Mar sin, tá dea-shamplaí le fáil sna suiteoireachtaí seo de dhóigheanna ar féidir dul i ngleic leis na géarchéimeanna éiceolaíochta agus eacnamaíochta, dóigheanna cosúil le hathúsáid fhuíoll an chórais, bia a athghabháil ó bhoscaí bruscair, cruthaitheacht thógála agus ceardaíochta, comhoibriú, roinnt eolais, oideachas forásach, talmhaíocht orgánach, bainistíocht éiceachóras agus bealaí úra agus forásacha leis an phobal a eagrú. Tá spiorad na meithle beo sna pobail seo.



Gnáthdhaoine in áiteacha éagsúla a bhain amach na tograí inspioráideacha seo agus is féidir linne fosta. Tá a fhios againn go bhfuil an tuath á bánú agus go bhfuil an fheirmeoireacht ag dul i léig agus cuid mhór talaimh fágtha díomhaoin dá thairbhe sin. Nach mb'fhearr dúinn talamh a thógáil i lámha an phobail agus a thabhairt amach daofa siúd atá á iarraidh agus atá sásta rud inteacht fiúntach a dhéanamh leis? Chomh maith leis sin, tá an dúrud eastát tithíochta, óstán agus foirgnimh eile folamh ar fud na tíre, nár cheart seilbh a ghlacadh orthu sin le leas an phobail? Fiú dá gcaithfí an dlí a bhriseadh chuige seo, bíodh sé amhlaidh! Ní hé an chéad uair in Éirinn a b'éigean dúinn an dlí a bhriseadh le talamh a athdháileadh! Radacach agus difriúil agus mar atá na tograí ceannródaíocha seo is mithid dúinn toiseacht ar thabhairt faoina leithéid má tá muid le dul chun cinn a dhéanamh ar na géarchéimeanna eacnamaíochta, sóisialta agus teangeolaíochta atá ag bagairt orainn.

Is as Muineachán Seanán Mac Aoidh ach tá sé ina chónaí i mBéal Feirste, áit a bhfuil sé ag gabháil do dhochtúireacht ar chleachtas chomhaimseartha na scéalaíochta dúchasaí. Tá sé ina bhall gníomhach de Mhisneach agus é ar choiste eagarthóireachta *Mionlach* fosta.

Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 10

# Beirt bhan mhisniúla

*BRIGHID MAC SEÁIN*

I Meán Fómhair na bliana 1869 thug Friedrich Engels cuairt ar Éirinn. Ina chuideachta bhí iníon Karl Marx, Eleanor, cailín óg trí bliana déag d'aois, agus Lizzy Burns, leannán agus comrádaí Engels. Thaisteal siad an tír agus bhailigh Engels eolas do leabhar a bhí beartaithe aige ar cheist na hÉireann, iniúchadh ar stair na tíre agus ar riail Shasana inti. D'fhoghlaim sé roinnt seanGhaeilge le go mbeadh sé ar a chumas lámhscríbhinní a léamh; d'aistrigh sé sleachta díobh go Gearmáinis — bhí cumas iontach foghlama teangacha ag Engels: mhaígh sé ag ócáid amháin go raibh 24 ceann de theangacha ar eolas aige.



Mary Burns

**Friedrich Engels**
Is mar chomhoibrí agus mar dhlúthchara Karl Marx is mó a bhfuil aithne ar Friedrich Engels. Rugadh sa Ghearmáin é sa bhliain 1820, agus cé gur mac tionsclaí shaibhir é thaobhaigh sé go luath le fealsúnacht shóisialach réabhlóideach. Ach b'fhear gnó é fosta, más ina ainneoin féin é uaireanta, agus ar nós leithéidí Samuel Neilson agus William Tennent i mBéal Feirste, chaith sé saol dícheallach stuama agus saol an réabhlóidí in éineacht. Sa bhliain 1842 chuir a athair go Manchain Shasana é, áit a raibh muileann dá chuid, Ermen agus Engels, i Salford.

**Mary Burns**
Is sa mhuileann seo a bhí Mary Burns ag obair — is féidir gur mar sin a bhuail Engels léi. B'Éireannaigh nó de shliocht Éireannach Mary Burns agus a deirfiúr Lizzy (ar tugadh 'Lydia' uirthi uaireanta). Deirtear gurbh as an Chéide i gCo. Ard Mhacha iad. I Manchain fosta d'éirigh le Engels an dá thrá a fhreastal, ag gníomhú mar fhear gnó meánaicmeach ach ina réabhlóidí ina am féin, mór leis na Cairtigh (Chartists) agus ailt á scríobh aige dá nuachtán, *The Northern Star*. Sa bhliain 1840 — roimh an Ghorta Mór féin — b'Éireannaigh iad timpeall 20% den aicme oibre i Manchain agus mar ba dhual dóibh ba shaol crua agus anróiteach a bhí acu. Baisteadh 'Little Ireland' agus 'Irishtown' ar na ceantair i Manchain ina raibh cónaí orthu agus ba orthu sin agus ar a macsamhail a thugadh Engels cuairt leis an eolas a bhailiú don leabhar, 'The Conditions of the Working Class in England,' a bhí á scríobh aige agus a foilsíodh sa bhliain 1845. Ba í Mary Burns a bhí mar threoraí aige sa 'taighde' seo; cailín deas rua agus éirimiúil leis; cé gur chailín oibre í gan léann d'fhoghlaim Engels oiread uaithi agus a d'fhoghlaim sise uaidh agus is cinnte, mar choimhthíoch d'aicme na máistrí, gur dheacair ag Engels an obair a dhéanamh gan í. Ach ní furast an gaol eatarthu a mheas. Ní raibh siad pósta go hoifigiúil agus ní thig a rá go raibh siad in aontíos ach oiread nó chloígh Engels le híomhá na measúlachta agus mar sin ní nochtfadh sé a chaidreamh le Mary go poiblí. Ní thiocfadh leis í a thabhairt leis go teach Marx nó ní ligeadh bean Marx isteach sa teach í. Is féidir nárbh ionann ag Engels teoiricí sóisialacha a chraobhscaoileadh agus iad a ligint a fhad lena shaol féin! I ndiaidh bhás Mary ba air féin amháin a labhair sé: "mhothaigh mé gur chuir mé m'óige san uaigh léi," a mhaígh sé.

**Marx agus Engels**
Athraíodh saol Engels go hiomlán i mí Lúnasa 1844 nuair bhuail sé le Marx i bPáras; ón am sin amach thug Engels tacaíocht, cairdeas, dílseacht — agus airgead — do Marx. Nuair a díbríodh Marx ón Fhrainc an bhliain dár gcionn agus nuair a chuaigh sé go dtí an Bhruiséil lean Engels é agus fuair sé teach ar cíos in aice leis. Choinnigh athair Engels airgead leis agus choinnigh Engels airgead le Marx agus a theaghlach. D'íoc Engels as turas do Mary le teacht chuige sa Bhruiséil ar feadh tamaill. D'fhan Engels agus Marx go dtí an bhliain 1849 ar an Mhór-roinn agus ag tús na bliana réabhlóidí, 1848, scríobh siad an cháipéis chlúiteach, Forógra an Chumannachais. Bhí briste ar an

réabhlóid agus i samhradh na bliana 1849, ar chomhairle Engels, tharraing Marx ar London lena theaghlach bocht (ar gach dóigh); lean Engels é. Ní raibh pingin rua ag ceachtar acu agus bhí ceathrar páistí le cothú ag Marx. Ar a shon d'fhill Engels ar Manchain agus thóg post in oifig Ermen agus Engels, áit ar fhan sé suas le 20 bliain. Bhailigh sé eolas faoi choinníollacha oibre dá chara agus chuir airgead chuige, airgead a ghoid sé go minic ón chomhlacht. Nuair a tháinig a athair ar cuairt d'éirigh leis liúntas de £200 sa bhliain a fháil uaidh. D'éirigh go maith leis sa ghnó agus ar ball rinneadh comhpháirtí de. Mar a bhí roimhe chaith sé dhá shaol: bhí dhá theach aige, ceann dá shaolta mar fhear gnó agus ceann ina raibh Mary agus Lizzy Burns.

**Bás Mary Burns**
Fuair Mary bás de ghalar croí ag tús na bliana 1863; ní dócha go raibh sí mórán thar an dá scór. An bhliain roimhe dúirt Engels le Marx go raibh sé ina chónaí léi beagnach an t-am ar fad. Ar a bás scríobh sé chuig Marx leis an scéal, nóta gearr a chríochnaigh, "an cailín bocht, bhí a croí istigh ionam." Ach má cheaptar go bhfuil sé sin dona go leor ag ceannródaí an tsóisialachais, cad is féidir a rá faoi Marx a d'fhreagair teachtaireacht Engels le litir a bhí lán de chlamhsán faoina chuid fadhbanna airgid. Ag deireadh na litreach dúirt sé, "nárbh fhearr dá mba mo mháthair in ionad Mary a bhí marbh" (b'olc le Marx ariamh sprionlaitheacht a mháthar). Ghoill an freagra fuar seo go mór ar Engels a chaith le Marx go ndearna "a chairde uilig" comhbhrón leis faoi bhás Mary. Bhí ar Marx leithscéal Engels a ghabháil — an chéad uair ariamh dó a leithéid a dhéanamh! Is cinnte go raibh Engels briste i gceart faoi bhás Mary ach caithfear aontú le scríbhneoir amháin a cheap gur léirigh an bheirt acu aicmíocht agus idirdealaithe ar an ócáid seo.

**Lizzy Burns**
Ghlac Lizzy áit Mary. Dúirt Engels fúithi, "Ba den aicme oibre Éireannach mo bhean chéile, de fhíorscoth na haicme sin."

I Meán Fómhair 1867 gabhadh beirt de cheannairí na bhFíníní, Thomas Kelly agus Timothy Deasy, in Manchain. Bheartaigh na Fíníní iarracht chun a dtharrthála ach cé gur éirigh leo an bheirt a scaoileadh saor, maraíodh póilín le linn na hiarrachta, agus dhá mhí ina dhiaidh crochadh triúr, 'Mairtírigh Mhanchain,' mar a thugtar orthu. Bhí Engels fabhrach do na Fíníní cé go ndúirt sé ag an am, 'ní raibh in easnamh ar na Fíníní ach mairtírigh.' Dhréachtaigh Marx achainí ar thrócaire do na fir in ainm na gluaiseachta sóisialaí. Luadh Lizzy Burns mar gheall ar an eachtra seo: gur thug sí dídean do Deasy agus do Kelly agus iad ar a seachaint. Mhaígh Paul Lafargue, mac cleamhnais Marx (bhí sé pósta ar Laura Marx), go mbíodh Lizzy i gcónaí i dteagmháil le hÉireannaigh agus ar an eolas faoina gcuid comhchealg, gur thug sí dídean do níos mó ná Fínín amháin agus nuair a theip ar an iarracht leis na Fíníní daortha a shaoradh gur chuidigh sí leis an cheannaire éalú.


**Lizzie Burns**

**Go Londain**
Sa bhliain 1870 chinn Engels aistriú go Londain le Lizzy; de réir Engels bhí sise i bhfabhar Manchain a fhágáil. Dhíol sé an chomhpháirtíocht agus leis an airgead sin fuair sé féin agus Lizzy teach (ar Bhóthar Regent's Park) nach raibh ach achar gearr ó theach Marx. Shocraigh sé pinsean de £350 sa bhliain ar Marx ag an am céanna. Timpeall 1876 thosaigh taomanna tinnis ag dul do Lizzy, an plúchadh agus sciataca. Chuidigh Engels leis an obair tí — scríobh sé chuig cara, "dá bhfeicfeá mé ag cóiriú na leapa agus ag cur síos tine dhéanfá gáire."

Faoi lár na bliana 1878 bhí ar Lizzy an leaba a choinneáil. Fuair sí bás i mí Mheán an Fhómhair; tamall gearr roimh a bás pósadh í féin agus Engels go hoifigiúil.

Théadh Eleanor Marx ar cuairt ar Lizzy agus Engels i Manchain agus de réir Marx féin bhíodh sí ar bior filleadh. Bhí sí báúil go mór le cás na hÉireann: dúirt a deirfiúr Jenny gur tháinig sí ar ais ón chuairt go hÉirinn in 1869 ní b'Éireannaí ná ariamh. Ní féidir nach raibh baint ag an bhá sin lena hardmheas ar Lizzy Burns, faoina ndúirt sí: "bhí sí ar bhean chomh fíreannach, chomh hionraic agus ar dhóigheanna chomh hardaigeantach agus a chasfaí ort."

I 1989 léiríodh dráma, 'Mary and Lizzie,' a scríobh Frank McGuinness.

*[Bhí an t-alt seo i gcló ar* Lá *ar 13 Meán Fómhair 2001]*

Is as Bóthar na bhFál i mBéal Feirste di. Bhí sí ar dhuine de bhunaítheoírí Ghaeltacht Bhóthar Seoighe sa chathair sin. Tá céim sa stair aici ó Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste. Tá sí ag scríobh alt d'irisí staire agus Gaeilge le fada an lá.

# An tOideachas Tríú Leibhéil faoi Ionsaí: cén leigheas?

***KERRON Ó LUAIN***

Le blianta fada anuas tá slad á dhéanamh ag fórsaí an nualiobrálachais ar oideachas tríú leibhéil ar fud na cruinne. Thar aon earnáil eile, seans, tá polasaithe atá dírithe ar 'chorparáidiú' a dhéanamh ar institiúidí an ardoideachais i réim le tamall maith anois. Ach, go praiticiúil, sna hinstitiúidí seo, céard is brí leis na téarmaí sách teibí seo ar nós 'nualiobrálachas' agus 'corparáidiú'?

Roimh an ghéarchéim eacnamaíochta a thit amach i 2008, fiú, bhí coláistí, go fealltach, tar éis conarthaí buana a ghearradh i measc a gcuid ball foirne agus conarthaí ar théarma seasta a thabhairt isteach ina n-áit siúd. An toradh air seo ná go bhfuil easpa cinnteachta ag gabháil le go leor post léachtóireachta, rud a dhéanann é fíordheacair dóibh pleanáil don todhchaí.

Is i suíomh níos measa fós, agus iad ag bun an dréimire ar fad, atá na teagascóirí. Déanann na hinstitiúidí seo teagascóirí a fhostú, go leor dóibh i mbun dochtúireachta nó an cháilíocht sin bainte amach acu cheana, ar na conarthaí laga seo agus iad a íoc in aghaidh na huaire — sé sin don uair a chloig de rang a mhúineann siad. Ní fhaigheann go leor dóibh cúiteamh ar bith as an obair mhaorlathais uilig a théann le measúnú leanúnach a dhéanamh ar mhic léinn agus go deimhin le bheith ar fáil dóibh ar bhonn leanúnach chun casadh leo, chun a gcuid ríomhphost a fhreagairt agus mar sin de. Glactar leis na coinníollacha seo ar an mbonn go bhfuil 'an t-ádh' orthu bheith fostaithe in aon chor agus an 'taithí thábhachtach' seo á fháil acu agus iad ag treabhadh leo i dtreo sa tóir ar an uibh órga — post buan nach mbainfidh formhór dóibh amach go deo. Dár ndóigh, leis an mbéim uilig anois ar na hábhair STEM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus mata) mar a ghlaotar orthu, is ábhair ar nós na Gaeilge agus na staire atá thíos leis; na hábhair a chothaíonn ár bhféiniúlacht, ár mórtas oidhreachta agus ár gcumas cáinte agus anailíse ar an domhan ghruama chaipitleach mar atá.

De bharr laigeacht na gconarthaí thuasluaite tá sé dodhéanta, beagnach, eagrú le chéile ar bhonn comhchoiteann agus troid ar ais in aghaidh na ndrochchoinníollacha úd. Anuas ar sin, ní raibh gíog ná míog as na léachtóirí a bhfuil buntáiste acu ina gcuid post le fada an lá nó níor léiríodh dlúthpháirtíocht ar bith, mórán, leis na baill fhoirne atá 'thíos fúthu'. Anseo i stát Sé Chontae Fhichid na hÉireann, cé go bhfuil dul chun cinn éigin déanta ó thaobh cur i bhfeidhm na Tuairisce *Cush* a foilsíodh ar an ábhar seo, tá cúrsaí ag fanacht mar atá agus tá an meon chuíchóirithe fós i réim, an *status quo* fós i réim.

Tá dóchas éigin ann, áfach, go bhfuil cúrsaí ag athrú go mall thall sa Bhreatain agus i stát na Sé Chontae áit a raibh stailceanna ann eagraithe ag an UCU (Ceardchumann na nOllscoileanna agus na gColáistí) i rith an earraigh san earnáil tríú leibhéil. Anois, is de bharr go raibh ionsaí á dhéanamh ar scéimeanna pinsin na bhfostaithe buana go príomhga a tharla na hagóidí, ach breathnaíodh ar an stailc a tharla mar chineál éirí amach níos bunúsaí i gcoinne na bhfórsaí agus na gcoinníollacha a rinneadh tagairt dóibh níos luaithe. In áiteacha áirithe, ar nós Dún Éideann mar shampla (áit a raibh ár macasamhail in Albain, *Misneachd*, lárnach), chuathas i mbun forghabhála ar fhoirgnimh an choláiste.


Ní hé nach bhfuil an meon míleatach céanna abhus in Éirinn sna hinstitiúidí léinn anseo; ach is i measc na mac léinn amháin atá sé ag an bpointe seo. San earrach chomh maith (Earrach na Mac Léinn, seans?) rinne mic léinn DCU agóid i gcoinne ardú de 27% ar a gcuid gcíosanna, chuaigh mic léinn Coláiste na Tríonóide i mbun forghabhála leanúnaigh ar fhoirgnimh ar an gcampas le cur i gcoinne táillí breise de €450 ar a gcuid scrúduithe (rud ar éirigh leo cur go tóin poill), agus bhí Lá Dearg na Mac Léinn ann i nGaillimh (ar ar fhreastal Misneach) chun léirsiú i gcoinne easpa deiseanna do chéimithe le Gaeilge nuair a fhágann siad an ollscoil.

Mar sin, bímis dóchasach go bhfuil cúrsaí ag athrú (cé gur go mall atá an t-athrú sin ag tarlú) agus bímis ag léiriú dlúthpháirtíochta le baill fhoirne na hearnála tríú leibhéil más lasmuigh di atáimid. Agus, más laistigh den ainmhí allta atáimid, bímis ag treabhadh linn agus ag cur is ag cúiteamh i measc ár gcomhghleacaithe ag cur síolta an cheardchumannachais a dtiocfaidh faoi bhláth sar i bhfad.

Is gníomhaí teanga agus sóisialach as Bhleá Chliath é Kerron. Is staraí é chomh maith agus tá dochtúireacht aige Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste



Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 13







## MISNEACH



Is fiú cuimhneamh, nuair a ghéilleann náisiún do lucht a ghabhála nó nuair a iompaíonn cine óna theanga féin go teanga na dtíoránach, nach dtarlaíonn sé sin le teann altrúchais ná grá don bhráithreachas daonna, ach mar gheall ar spiorad géilliúil na sclábhaithe, spiorad nach dtagann le meon réabhlóideach.


Bhí an méid sin le brath go láidir in Éirinn ar dhearcadh na nÉireannach i leith a dteanga dhúchais.

*—Séamus Ó Conghaile*

Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 14

# Ón Spéir Anuas

*Gearrscéal le DANNY BROWN*



*"Tig an bheatha ón spéir anuas," a dúirt sí. Ag caint ar an fhearthainn a bhí sí, ar ndóigh. Thuig Fatima sin agus shíl sí go raibh ciall leis na focla a dúirt an tseanbhean chríonna.*

*Níor ghlac sí leis anois, áfach. Bhí a fhios aici gurb é an bás a thig anuas ón spéir.*

Níor amharc Fatima ar an spéir.

Mhothaigh sí teas na gréine ar a h-aghaidh, chonaic sí scálaí dubha láidire ar an talamh os a comhair agus bhí a fhios aici go raibh lá deas samhraidh acu arís.

Bhí sí sa gharradh bheag ag cúl an tí, ag tógáil leitís agus spionáiste ón iomaire don lón. Chaith sí tamall achan lá amuigh anseo. Faoiseamh ó bhrú an tsaoil.

D'amharc sí ar na h-iomairí eile a bhí aici. Bhí bláth deas ar na trátaí, ar na h-ubhthorthaí agus bhí an cúcamar agus na lintilí ag fás go maith. Dá mbeadh níos mó uisce aici, chuirfeadh sí gráin de ar na trátaí ach bhí sí sásta go mbeadh barr maith aici i mbliana.

Taobh leis na glasraí, bhí iomaire beag bláthanna. Chuir sé lúcháir uirthi go raibh cúpla bláth ar an rós mór dearg a bhí ag fás ina lár. Thug athair Hassan di é nuair nach raibh ann ach planda beag bídeach ar an lá a phós siad, ní mar chuid den phronntanas oifigiúil, ach rud beag di féin mar thuig sé gur bhreá léi plandaí agus go raibh dúil as cuimse aici i gcumhra an róis. Bhí an planda breá aibí anois, chomh hard lena gualainn agus chomh leathan céanna. Nuair a bheadh sé lán bláthanna i gcionn coicíse nó mar sin, bhainfeadh sí an chuid is mó acu agus thriomódh sí iad le húsáid sna milseogaí a dhéanfadh sí san Fhómhar. Ina dhiaidh sin, d'fhágfadh sí na bláthanna eile ar an ghéag agus bheadh na mogóirí róis aici le anlann speisialta a clainne a dhéanamh sa gheimhreadh. Bhí úsáid le achan rud a bhí ag fás sa gharradh aici, ach dhéanfadh sí éisceacht i mbliana leis an chéad chúpla rós. Chuaigh sí chuig an scioból gairdínéireachta a thóg Hassan di agus bhain scian bheag ghéar amach as mála caidéis ag an doras, shiúil go dtí an planda agus ghearr dhá ghas de.

Níor chaith sí súil ar an spéir ar chor ar bith.

Chuaigh sí chuig an dá charn clocha a bhí ag bun an gharraidh agus chuir ceann de na gearrthógaí ina luí go grámhar ar achan cheann acu. Ansin luigh sí síos sa bhearna idir an dá charn agus shín a lámha amach go dtí go raibh sí ag tabhairt croí isteach don bheirt acu, a bolg fúithi sa dóigh is nach bhfeicfeadh sí an spéir.

Hassan a bhí faoina sciathán chlé agus Ahmed faoina sciathán dheis.

Níor chaoin sí an iarraidh seo, ach bhí ualach millteanach ar a croí. Ní raibh a fhios aici ar dhúirt sí paidir féin, mar ní raibh na paidreacha ann a thógfadh an cian di.

Ach chuimhnigh sí.

Chuimhnigh sí ar an lá sé seachtainí ó shin nuair a bhí Ahmed ag súgradh ar an tsráid taobh amuigh den teach lena chairde, ag imirt le seanliathróid, ag rith agus ag ciceáil mar a chonaic siad déanta ag na himreoirí proifisiúnta ar an teilifís. Bhí cuma níos sine ná a sheacht mbliana ar Ahmed mar bhíodh sé i gcónaí amuigh ag tabhairt lámh chuidithe do Hassan achan deis a fuair sé agus rinne sin níos aibí é, dar le Fatima.

Níor chuala duine ar bith an drón a chaith ceann de na buamaí cliste i dtreo stáisiún na bpóilíní ag ceann na sráide ach chuala siad agus mhothaigh siad uilig an pléascán uafásach.

Rinneadh go leor caointe an lá sin, agus cúpla lá ina dhiaidh. Ní raibh san ionsaí buamála sin ach tús le feachtas millteanach buamála ar an chathair. Bhí sé chomh dona nach raibh siad ábalta fáil amach as an tsráid le Ahmed a chur sa reilig. B'éigin do Hassan a chorp beag scriosta a chur i gcoirneál an gharraidh agus ní raibh ag an tórramh ach cúpla comharsa a raibh sé de chrógacht iontu an teach a fhágáil. B'éigin dó féin an uaigh a dhéanamh. Níor dhúirt sé focal fad is bhé sé ag tochailt ach, i ndiaidh an tórraimh, nuair a bhí sé féin agus Fatima fáiscthe le chéile, bhris an bheirt acu agus níor stad siad a gcaoineadh ar feadh chúpla uair an chloig ina dhiaidh.

Chuimhnigh Fatima ar an rud a dúirt a máthair mhór léi nuair a thoisigh sí a chur suime sa ghairdínéireacht.

"Tig an bheatha ón spéir anuas," a dúirt sí. Ag caint ar an fhearthainn a bhí sí, ar ndóigh. Thuig Fatima sin agus shíl sí go raibh ciall leis na focla a dúirt an tseanbhean chríonna.

Níor ghlac sí leis anois, áfach. Bhí a fhios aici gurb é an bás a thig anuas ón spéir.

Ina dhiaidh sin, chonacthas di go raibh an spéir lán eitleán, lán trup agus bhí buama i ndiaidh buama ag pléascadh ar fud na cathrach. Leagadh sráideanna tithe, maraíodh na céadta daoine agus d'imigh na mílte eile as an chathair mar theifigh. Corruair bhuail na buamaí agus na diúracáin tairgéid a shílfeá a bheith míleata; níos minice, thit siad ar thithe nó ar scoltacha. Thit cuid acu ar an otharlann, lá.

D'amharc daoine go neirbhíseach ar an spéir anois, ag súil nach bhfeicfeadh siad baraille ag titim ina dtreo as ingearán.

Níor amharc Fatima ar an spéir ar chor ar bith

Mí i ndiaidh mharú Ahmed, bhí sí ag obair sa gharradh nuair a chuala sí scread diúracáin ag tarraingt orthu. Lig sí béic aisti ag iarraidh rabhadh a thabhairt do Hassan, a bhí ag obair ina cheardlann sa teach.

Bhí sí ró-mhall.

Mionlach_Lúnasa2018.qxp_Layout 1 08/08/2025 15:41 Page 15



Phléasc an diúracán agus leag go talamh í agus, nuair a tháinig sí chuici féin, bhí an teach imithe. Ní raibh fágtha ach ballóg agus deatach agus dusta.

Ní raibh cuimhne ar bith aici ar na rudaí a thit amach sna bomaití nó sna huaireanta i ndiaidh don diúracán pléascadh.

Bhí a fhios aici go raibh sí cumhdaithe le fuil, a cuid féin agus cuid Hassan.

Bhí greim aici ar a raibh fágtha de, ag iarraidh air teacht ar ais, ag impí air anáil a tharraingt, cé go raibh leath a chloiginn imithe.

Bhí a fhios aici go raibh sé marbh ach choinnigh sí uirthi ag caint, ag urnaí, ag caoineadh agus ag screadaíl, ar lorg cuidithe, fiú nuair a thuig sí nach raibh duine ar bith fágtha sa tsráid le cuidiú a thabhairt di.

Fá dheireadh, d'éirigh léi a raibh fágtha de chorp Hassan a tharraingt amach as na spallaí a chumhdaigh é. Bhí brailín trom sa scioból agus chuir sí thart ar a chorp é agus tharraing é go dtí an coirneál céanna sa gharradh ina raibh Ahmed.

Ansin luigh sí isteach san obair. Bhain sé dhá uair an chloig aisti poll a thochailt sa chréafóg taobh leis an áit ar cuireadh a mac ach rinne sí é, ag caitheamh na gclocha a bhí sa talamh ar leataobh.

Chuir sí a fear san uaigh úr agus chumhdaigh a chorp leis an chréafóg agus ansin rinne carn de na clocha.

Agus níor amharc sí suas ar an spéir oiread agus uair amháin.

Chaith sí na laethanta ó shin amuigh sa gharradh, ag iarraidh a bheith cóngarach dá fear agus dá mac.

Chodail sí sa scioból a thóg Hassan di. Sin an t-aon fhoscadh a bhí fágtha aici.

Níor amharc sí riamh ar an spéir.

Dá mbeadh aon duine fágtha sa chomharsanacht, bhí a fhios aici go mbeadh siad ag déanamh iontais de nár thóg sí na súile ón talamh roimpi.

Bhí a fhios ag Fatima cad chuige nár amharc sí ar an spéir.

Ní raibh sí ag iarraidh an buama a mharódh í a fheiceáil.

Rugadh agus tógadh Danny Brown in iarthar Bhéal Feirste. Tá cónaí anois air i nGaeltacht Dhún na nGall. I measc rudaí eile, bhí sé ina scríbhneoir, ina iriseoir, ina fhoilsitheoir agus ina léiritheoir.

# Ag Éisteacht le Fir ag Argóint

*Maoilíosa NicÉadaoin*

An fhadhb atá againn
ná go bhfuil muid ró-shásta
ró-ghasta ag leanstan
an fhir a chuireann
cuma chliste air,
cuma láidir,
agus éisteann muid leis
sula n-éisteann muid linn féin.
Tá na freagraí againn —
Tá siad istigh ionainn,
ach níl an mhuinín againn
bheith iomlán freagrach
as an domhan atá thart orainn —
B'fhearr an locht a chur ar dhuine eile;
B'fhearr linn fanacht
ar an duine
a déarfaidh linn
caidé atá le déanamh.
Níl an mhuinín againn smaoineamh.
Níl sochaí ann, ná pobal
muid mar sclábhaithe
ag ár n-eagla féin.
Féach — tá paistí ar na sráideanna
daoine óga, maithe
gan rogha acu riamh
agus siúlann daoine leo
ag gearán
faoin gcóras —
díreach ag fanacht.
Fir ag argóint i gcónaí
an dóigh is fearr
an tsochaí a eagrú
an t-airgead a roinnt
ach ní dhéanann siad faic
do na daoine
ag lorg cuidiú
anocht.
Ní fiú an argóint. B'fhearr dúinn plean a chruthú.
Tá gach uile chóras samhnasach.
Tagann ár gcumhacht ón chairdeas.

*Is mise Maoilíosa, cailleach neamh-dhénartha (trasinscneach) ón Bhaile Meánach mé. Tá fearg an domhain orm ag amharc ar an neamhionnanas agus fulaingt atá thart orainn, ach tríd a bheith ag scríobh, tagaim ar dhóchas arís. Bhain mé céim Béarla (le scríbhneoireacht chruthaitheach) amach cúpla bliain ó shin, agus ó shin, codlaím ar cibé tolg atá saor, agus caithim mo laethanta i siopaí caifé, a ag cumadh dánta, agus mé ag fanacht leis an reabhlóid.*







## Glac Ballraíocht bhliantúil linn inniu!

Ainm: ..................................................

Seoladh: ..................................................

..................................................

Fón: .................... Ríomhphost: ....................

€5 gan phá/€10 ar phá
Seol airgead tirim nó seic, mar aon leis an bhfoirm seo, chuig
33 Céide na Grianóige, BÁC 24, Éire,

nó déan lóisteáil chuig:

Ainm an chuntais: MISNEACH
Cód sórtála: 90-14-90
Uimhir an chuntais: 48095491

Sonraí Teagmhála MISNEACH:
**Náisiúnta:** Facebook • eolas@misneachabu.ie
www.misneachabu.ie *(le seoladh gan mhoill)*
**Gaillimh:** facebook, misneachnagaillimhe@gmail.com
**Béal Feirste:** facebook
**Baile Átha Cliath:** misneachbac@gmail.com
**Misneach Dhoire, Chorcaí, Luimní, Idaho, Nua-Eabhrac** agus **Misneachd na hAlban** le fáil ar facebook

